FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

## CLEACHTAÍ CAINTE

# AG RÉITEACH NA GCUNTAS

### Aidhm

Beidh na foghlaimeoirí ag glacadh páirte i rólghníomhaíocht chun uimhreacha a chleachtadh (obair bheirte).

### Treoir

Cuir gach beirt ag obair le chéile. Scaip Ról Aoife ar dhuine amháin agus Ról Eoin ar dhuine eile. An aidhm atá leis an ngníomhaíocht ná an áit a bhfuil bearna eolais ag Aoife, tá an freagra ag Eoin, agus a mhalairt. Caithfidh an bheirt a bheith ag obair le chéile chun na bearnaí a líonadh. Tá sampla tugtha thíos.

### Forbairt / Nótaí

Is féidir leaganacha éagsúla den ghníomhaíocht seo a dhearadh, ag brath ar cén ghné de na huimhreacha atá á cleachtadh. Cuir i gcás, sa chás go mbeadh na dátaí ródheacair do na foghlaimeoirí go fóill, is féidir an cluiche a dhearadh leis an dá cholún eile gan na dátaí a bheith san áireamh.

Tá Aoife ag obair in oifig agus í ag réiteach cuntais na bliana. Ach tá eolas in easnamh! Tá an t-eolas sin ag Eoin. Caithfidh Aoife agus Eoin labhairt lena chéile chun na bearnaí eolais a líonadh.

## Aoife

| Dáta | Uimhir Sonraisc | Suim |
|---|---|---|
| 4 Samhain 2023 | | €789 |
| | 923-4568 | |
| 20 Deireadh Fómhair 2023 | | €877 |
| | 542-7133 | |
| 3 Márta 2022 | | |
| | 382-5669 | €6,222 |

## Eoin

| Dáta | Uimhir Sonraisc | Suim |
|---|---|---|
| | 567-2415 | |
| 12 Bealtaine 2024 | | €456 |
| | 144-9824 | |
| 2 Feabhra 2024 | | €5,420 |
| | 449-2183 | €1,284 |
| 1 Aibreán 2023 | | |